

Miontuairiscí ón 14ú cruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta Dé Céadaoin 16 Meán Fómhair 2015 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: Antoine Ó Coileáin (Gael Linn), Caitríona Ní Cheallaigh (Cumann na bhFiann), Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge), Liam Ó Maolaodha (Oireachtas na Gaeilge), Lorcán Mac Gabhann (Glór na nGael) agus Nóra Ní Loingsigh (Gaelscoileanna).

Ag freastal: Seán Ó Coinn (Cathaoirleach an Fhórait & Foras na Gaeilge), Éamonn Ó hArgáin (Foras na Gaeilge), Steph Uí Choinne (Rúnaí an Fhórait), Séamus Daltún (Comhairleoir Pleanála Straitéisí) agus Dónall P. Ó Baoill (Comhairle Pleanála Teanga).

Leithscéal: Regina Uí Chollatáin (An Fóram Forbartha Teanga) agus Bláthnaid Ní Ghréacháin (Gaelscoileanna).

Clár an chruinnithe a aontú

1. Aontaíodh ar chlár an chruinnithe.

Miontuairiscí ón 17 Meitheamh 2015 agus nithe ag éirí astu

2. Glacadh leis na miontuairiscí ón 17 Meitheamh 2015.
3. Cuireadh in iúl go mbeadh an cheist maidir le híocaíochtaí leictreonacha agus ráithiúla le plé ag na cruinnithe atá socraithe ag Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha Fhoras na Gaeilge leis na ceannasaithe.

Buiséid tháscacha 2016

4. Rinneadh tagairt don litir a cuireadh chuig ceannasaithe ar 8 Meán Fómhair 2015 maidir le buiséid tháscacha 2016 agus bhí plé ina leith. Míníodh go raibh contúirt ann maidir le himfhálú ar bhuiséad na gceanneagraíochtaí mar gheall ar chiorruithe na Ranna Urraíochtaí ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge.
5. Léirigh na ceannasaithe a n-ímní i leith bhuiséid tháscacha 2016 agus chuir siad in iúl go mbeadh deacrachtaí ann cloí leis an chóimheas reatha idir caiteachas ar thionscadail agus ar thuarastal/chostais reatha ar láimh amháin agus le coinníollacha conarthaí na bhfostaithe do thuarastail réamhcheadaithe ar an láimh eile.
6. Mhínigh an Cathaoirleach go mbeadh Foras na Gaeilge ag scríobh chuig na Ranna Urraíochta i ndiaidh an chruinnithe chun na deacrachtaí a chur in iúl dóibh. Aontaíodh gur chóir do cheannasaithe cás a dhéanamh le Foras na Gaeilge má bhí deacrachtaí ar leith ann i léith cúrsaí buiséid le go ndeanfaí iarracht teacht ar réiteach.
7. Thug Cathaoirleach an Fhórait le fios gur dócha go mbeadh ciorruithe breise le déanamh ar bhuiséid Fhoras na Gaeilge in 2017, agus mhol sé do na Ceanneagraíochtaí ceann a thabhairt dó sin sa phleanáil airgeadais.
8. Chuir ceannasaí Chonradh na Gaeilge in iúl go raibh an cháipéis maidir leis na héilimh don Ghaeilge, Infheistíocht sa Ghaeilge agus sa Ghaeltacht ó 2016 ar aghaidh, le seoladh go hoifigiúil ar 6 Deireadh Fómhair 2015 i dTeach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath agus go mbeadh sé ina chabhair dá mbeadh na ceannasaithe uile i láthair ag an ócáid. Chuir sé in iúl go seolfá an cháipéis ar dháta éigin ina dhiaidh sin i mBéal Feirste.

Plean Straitéiseach an Fhórait Chomhpháirtíochta

9. Scaip an Comhairleoir Pleanála Straitéisí cáipéis leasaithe maidir leis na mórchuspóirí, luachanna, prionsabail agus sainmhíniú ar shaintearmaí agus bhí plé ina leith. D'ardaigh an Comhairleoir ceist maidir leis an taighde a bhí beartaithe chun an t-eolas bonnlíne a bhailiú agus míníodh go raibh Cathaoirleach an Fórait Fhorbartha Teanga le teacht ar ais le téarmaí tagartha srl. i leith na ceiste sin agus go mbeadh cruinniú aici féin leis an bheirt Chomhairleoir (Pleanála Straitéisí agus Teanga) agus le Foras na Gaeilge dá réir. Ghlac an Fóram Comhpháirtíochta leis an Phlean Straitéiseach mar a sheas sé.

Gníomh: Cóip den cháipéis leasaithe le cur isteach sa Dropbox.

Cur i láthair ón Chomhairleoir Pleanála Teanga

10. Thug an Comhairleoir Pleanála Teanga cur i láthair ar riachtanais taighde agus bhí plé ina leith. Chuir sé in iúl go raibh cruinniú aige le gach Ceanneagraíocht agus go gcuirfeadh sé tuairisc scríofa ar fáil i gceann seachtaine agus go gcuirfí cóip den tuairisc agus dá chur i láthair sa Dropbox.
11. D'iarr sé go mbeadh na Ceanneagraíochtaí gníomhach ag dul chuige ar lorg comhairle dá bpleananna.
12. Moladh go mbeadh na Ceanneagraíochtaí gníomhach ag plé le riachtanais oiliúna na mball foirne, go ndéanfaí moladh don Fhóram ar an dóigh is fearr le plé le cúrsaí oiliúna.

Gníomh: Tuairisc scríofa le cur ar fáil agus cóip den chur i láthair le cur sa Dropbox.

Dréachtpháipéar Oireachtas na Gaeilge ar cad is gréasán ann

13. Scaipeadh cóip den phlécháipéis ar cad is gréasán ann agus bhí plé ina leith. Tugadh ardmholadh do cheannasaí Oireachtas na Gaeilge as ucht an cháipéis a sholáthar. Aontaíodh go ndéanfaí plé breise ar an phlécháipéis agus go mbeadh sí ar an chlár don chéad chruinniú eile.

Gníomh: Cóip den phlécháipéis le cur isteach sa Dropbox.

Plé ar theimpléad le réiteach fadhbanna comhpháirtíochta a éascú

14. Thug an Comhairleoir Pleanála Straitéisí léiriú maidir le réiteach coinbhleachta agus bhí plé ina leith. Aontaíodh gurbh fhiú leanúint leis an treoir sa cháipéis maidir le réiteach coinbhleachta agus aontaíodh go gceanglódh an Comhairleoir Pleanála Straitéisí an cháipéis sin leis na mórchuspóirí agus sainmhínithe srl. le go mbeadh an t-eolas ar fad in aon cháipéis amháin.

Gníomh: Comhairleoir Pleanála Straitéisí leis an eolas a chur le chéile.

Cur i láthair ar Phleananna Gnó 2016

15. Thug gach ceannasaí cur i láthair ar na tosaíochtaí agus mórghníomhaíochtaí a bhí beartaithe do Phleananna Gnó 2016.

Gníomh: Cóip de chur i láthair gach ceanneagraíochta le cur isteach sa Dropbox.

Meamram comhthuisceana maidir le forbairt na Gaeilge sa teaghlach agus forbairt phobail

16. Scaipeadh cóip den mheamram comhthuisceana Ghlór na nGael maidir le forbairt na Gaeilge sa teaghlach agus forbairt pobail agus bhí plé ina leith. Moladh gurbh fhiú ionchur an Chomhairleora Pleanála Teanga a fháil ar an mheamram. Moladh roinnt leasuithe agus aontaíodh go scaipfí an leagan leasaithe den mheamram comhthuisceana le go ndéanfaí é a phlé ag boird stiúrtha agus baill foirne na gceanneagraíochtaí roimh an chéad chruinniú eile. Aontaíodh go mbeadh an meamram ar an chlár don chéad dá chruinniú eile.

Gníomh: Leagan leasaithe den mheamram comhthuisceana le scaipeadh ag Glór na nGael.

Tuairisc ón mheitheal oibre ar mhaoiniú Eorpach

17. Cuireadh in iúl nár bhain an t-eolas maidir le cistí le hábhar go dtí seo agus cuireadh in iúl nárbh fhiú d'ionadaí na meithle theacht chuig an chéad chruinniú eile den Fhóram Comhpháirtíochta mura raibh ciste nó tionscadal ábhartha le moladh aici. Aontaíodh go ndéanfaí an cheist sin a fhiosrú.

Comóradh 2016

18. Scaipeadh cóip leasaithe den mholadh maidir le comóradh 2016 agus bhí plé ina leith. Ghlac an Fóram Comhpháirtíochta leis an mholadh chun óstán an Double Tree Hilton a chur in áirithe anois. Aontaíodh go raibh obair le déanamh ar an mholadh maidir le siamsaíocht na hoíche srl. agus go mbeadh an moladh le plé arís.

Aon ghnó eile

19. Cuireadh in iúl go raibh iarratas ar shaoráil faisnéise faighte maidir leis an Fhóram Comhpháirtíochta agus go raibh Clár bhainisteoir Pleanála Corparáidigh Fhoras na Gaeilge ag plé leis an cheist faoi láthair. Aontaíodh go gcuirfí miontuairiscí ó chruinnithe den Fhóram Comhpháirtíochta ar fáil ar shuíomh Idirlín Fhoras na Gaeilge, ag tosú ón chruinniú reatha den 16 Meán Fómhair.

20. Míníodh go mbeadh Foras na Gaeilge ag cur straitéis léitheoireachta faoi bhráid an Bhoird roimh dheireadh na bliana agus go mbeadh oifigeach ag teacht chuig cruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta chun an straitéis léitheoireachta a phlé.

21. Cuireadh in iúl nach mbeadh ceannasaí Ghael Linn ar fáil chun cur i láthair a thabhairt ag lá foirne Fhoras na Gaeilge ar 24 Meán Fómhair agus d'aontaigh ceannasaí Oireachtas na Gaeilge go dtabharfadh sé féin cur i láthair ina áit.